ÚDARÁS UCHTÁLA na hÉIREANN
THE ADOPTION AUTHORITY of IRELAND

**TÁ BUAN-OIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN AG TEASTÁIL SAN AONAD UM UCHTÁIL BAILE**

Is comhlacht reachtúil é Údarás Uchtála na hÉireann (AAI) a bunaíodh ar an 1 Samhain 2010 agus is é an tAcht Uchtála 2010 an reachtaíocht a sholáthraíonn bonn agus taca faoin Údarás.

Is é ár misean ná "A chinntiú go gcuirfear na caighdeáin is airde agus is féidir ar fáil sna seirbhísí a bhaineann le huchtú, ar feadh an phróisis uchtála go léir, agus gurb é leas leanaí an chéad chuspóir agus an chuspóir is tábhachtaí."

Tá an AAI ag iarraidh Oifigeach Feidhmiúcháin buan amháin a earcú a bheidh bunaithe i nDroichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4. Beidh obair chumaisc ar fáil sa phost seo, faoi réir nádúr na ndualgas.

Táthar ag súil go nglacfaidh an tOifigeach Feidhmiúcháin san Aonad Uchtála Baile freagracht phearsanta as tascanna agus go dtabharfar chun críche iad go sásúil trí eagrú, leithdháileadh agus maoirsiú éifeachtach na hoibre. Ról sóisearach bainistíochta a bheidh ann agus caithfidh an té a cheapfar a bheith solúbtha agus in ann spriocdhátaí diana a bhaint amach agus a bheith tiomanta do thorthaí ardchaighdeáin a sholáthar.

**Spriocdháta: Meán lae, Dé hAoine, an 12 Iúil 2024**